Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2023
(OR. en)

10153/23
ADD 1

LIMITE

CORLX 548
CFSP/PESC 792
RELEX 677
COAFR 176
CONUN 135
COARM 130
FIN 586

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe a dhírítear i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil<br>- IARSCRÍBHINN |

**IARSCRÍBHINN**

Cuirtear an duine seo le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach i roinn 'I. Daoine' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 356/2010:

**I. Daoine**

**'22. Abdullahi Osman Mohamed Caddow (ailias: a) Cabdullahi Cusman Maxamed Caddow b) Dhagacade c) Faracade d) Injineer Ismaaciil e) Eng. Ismail).**

**Dáta breithe:** 1983

**Náisiúntacht:** an tSomáil

**Seoladh:** an tSomáil

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** an 26 Bealtaine 2023

**Inscne**: fireann

**Faisnéis eile**:

Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Is saineolaí sinsearach pléascán é Abdullahi Osman Mohamed Caddow, ar a dtugtar freisin 'Eng. Ismail', atá freagrach as bainistiú foriomlán oibríochtaí agus dhéantúsaíocht pléascán an ghrúpa. Agus é sin á dhéanamh aige, ghlac sé páirt i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na Somáile i mbaol. Chuaigh sé isteach i sciathán na meán de Al-Shabaab, Al-Kataib, in 2008 i Mogaidisiú agus ina dhiaidh sin, in 2014, bhí sé ina bhall den aonad déantúsaíochta pléascán sa ghrúpa atá ag feidhmiú in a lán ionad ullmhúcháin pléascán sna bailte Jilib, Bu'aale, Saakoow, Salagle, kuunyo-Barrow, agus Arabow. Tá sé i gceannas ar fhoireann de 68 n-oibrí Al-Shabaab agus déanann sé ábhar déantúsaíochta pléascán dar luach thart ar USD sé mhilliún a smuigleáil gach bliain.'

PUBLIC